Feabhra 2016/QP.16 © QQI

# BEARTAS QQI.

## Beartas um Athbhreithniú Timthriallach ar Institiúidí Ardoideachais

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR


1 RAON FEIDHME ..... 3

2 BEARTAS ..... 6

3 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS ..... 10

4 AGUISÍN A - CUSPÓIRÍ AN ATHBHREITHNITHE ..... 11

5 AGUISÍN 2 - GNÁS GARBH ..... 13

# 1 RAON FEIDHME

Leagtar amach sa bheartas seo múnla solúbtha amháin le haghaidh athbhreithniú timthriallach cáilíochta ag leibhéal na hinstitiúide do sholáthraithe ábhartha ardoideachais agus d'Ollscoil na hÉireann. Bheadh múnla amháin níos trédhearcaí do raon leathan geallsealbhóirí ná múnlaí éagsúla a bhraithfeadh ar an gcineál institiúide. Cé go bhfuil rudaí i bpáirt ag institiúidí laistigh d'fho-earnálacha, tugtar le fios i bpróifílí institiúideacha go bhfuil ilchineálacht shuntasach i measc institiúidí in Éirinn ó thaobh misean, méid agus acmhainne. Is féidir soláthar a dhéanamh laistigh de mhúnla solúbtha d'idirdhealú, chun comhthéacs uathúil gach institiúide aonair a fhorlíonadh de bhrí go bhfuil difríochtaí suntasacha ann ó thaobh taighde, neamhspleáchas bronnta dámhachtainí, údarás tarmligthe agus bailíochtú díreach ó QQI. Tá an múnla d'athbhreithnithe timthriallacha ag teacht leis na Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa, 2015, Codanna 2 agus 3.

Déantar meastóireacht san athbhreithniú ar a **éifeachtaí** atá gnásanna dearbhaithe cáilíochta ar fud na hinstitiúide ar mhaithe le cáilíocht an oideachais, na hoiliúna, an taighde agus na seirbhísí gaolmhara a sholáthraíonn an institiúid a fháil amach, a choinneáil agus a fheabhsú. Baineann raon feidhme na n-athbhreithnithe sa réimse taighde le meastóireacht ar a éifeachtaí atá gnásanna dearbhaithe cáilíochta na hinstitiúide maidir le taighde i gcoitinne, lena n-áirítear cláir thaighde agus gníomhaíochtaí taighde.

Cuid den athbhreithniú is ea **cuntasacht** institiúide a thomhas ó thaobh caighdeáin Eorpacha dearbhaithe cáilíochta a chomhlíonadh, féachaint do na hionchais atá leagtha amach i dtreoirlínte QQI um dhearbhú cáilíochta nó a gcoibhéis, agus comhlíonadh gnásanna ábhartha eile de chuid QQI, arna mbun i saolré an chaidrimh idir an institiúid agus QQI.

Scrúdaítear san athbhreithniú **breisiú** cáilíochta in institiúid maidir le tionchar ar theagasc, foghlaim agus taighde, ar ghnóthachtálacha na hinstitiúide agus ar nuálaíochtaí i ndearbhú cáilíochta, an t-ailíniú le misean agus straitéis na hinstitiúide agus feidhmíocht na hinstitiúide ó thaobh cáilíochta i gcomparáid le táscairí cáilíochta agus tagarmharcanna arna sainaithint ag an institiúid.

Tá feidhmeanna athbhreithnithe QQI leagtha amach in ailt éagsúla den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (2012) (dá ngairtear Acht 2012 as seo amach). Baineann an polasaí seo le hailt 34 agus 35 den Acht. Sonraítear i mBeartas Monatóireachta QQI go bhféadfadh monatóireacht QQI athbhreithniú reachtúil (ar mhaithe le cúis) ar leithligh a thionscnamh a bhféadfadh aistarraingt ceadaithe do ghnásanna DC leanúint as ar deireadh. Dá réir sin, tá an toradh seo eisiata ón mbeartas seo. Ní dhéantar ceadú DC i gcás ollscoile a bhí bunaithe roimhe seo.


Ina theannta sin, cuimsíonn an beartas, de réir mar is cuí, athbhreithnithe reachtúla eile de chuid QQI, lena n-áirítear athbhreithniú éigeantach timthriallach ar tharmligean údaráis chun dámhachtainí a dhéanamh, atá leagtha amach in Alt 54 d'Acht 2012 agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm gnásanna um rochtain, aistriú agus dul chun cinn atá leagtha amach in alt 57. Ionchorpraítear ann, leis, nuair is féidir go réasúnta agus má tá an t-am ar fáil chuige, athbhreithnithe ar chomhlíonadh an chóid chleachtais don Mharc Oideachais Idirnáisiúnta (Alt 63 d'Acht 2012).

Trí bheartas QQI le haghaidh athbhreithniú timthriallach a leagan amach, tugtar srac-chuntas sa doiciméad seo, leis, ar an gcur chuige atá le glacadh ag forais cháiliúcháin ainmnithe agus ag


Ollscoil na hÉireann agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar sholáthraithe nasctha, rud a dtugtar *gnásanna d'athbhreithiú ar éifeachtúlacht* air in Alt 32 d'Acht 2012.

Is gné amháin de chreataí cáilíochta ginearálta don ardoideachas é an t-athbhreithniú timthriallach. Dhá chreat atá san ardoideachas: ceann amháin d'fhorais cháiliúcháin (forais cháiliúcháin ainmnithe agus forais a bhfuil cumhachtaí dámhachtana tarmligthe acu) agus ceann eile do sholáthraithe deonacha. Léirítear iad seo i bhFíoracha 1 agus 2 thíos.

## FÍOR 1: CREAT CÁILÍOCHTA D'FHORAIS CHÁILIÚCHÁIN



## FÍOR 2: CREAT CÁILÍOCHTA DO SHOLÁTHRAITHE DEONACHA



# 2 BEARTAS

## AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ

Is é aidhm atá le hathbhreithniú athbhreithniú neamhspleách inmheánach a dhéanamh ar ghnásanna inmheánacha dearbhaithe cáilíochta in institiúid ar leith. Tá an gaol seo leagtha amach i bhfíoracha 1 agus 2 thuas.

Cúig chuspóir intomhaiste ar leith atá ag QQI dá athbhreithnithe timthriallacha:

- Cultúr DC a mhisniú mar aon le breisiú a dhéanamh ar thimpeallacht agus ar eispéireas foghlama an mhic léinn laistigh den institiúid;
- Aiseolas a sholáthar d'institiúidí mar gheall ar cháilíocht ghinearálta na hinstitiúide agus ar thionchar a misin, straitéis, córas rialachais agus córas bainistíochta ar cháilíocht agus a éifeachtaí atá a gnásanna dearbhaithe cáilíochta tríd is tríd.
- Cur le muinín an phobail i gcáilíocht institiúidí tríd an trédhearcacht agus feasacht phoiblí a chur chun cinn.
- Tacú le feabhsú ar fud an chórais ar cháilíocht an ardoideachais; agus
- Breisiú cáilíochta a éascú trí leas a bhaint as modhanna agus comhairle oibiachtúla, bunaithe ar fhianaise.

Mínítear na cuspóirí seo tuilleadh in Aguisín 1.

## NA CRITÉIR

Is iad na caighdeáin fhoriomlána a ndéanann foireann an athbhreithnithe torthaí ar athbhreithnithe a chur i gcomparáid leo:

- misean agus straitéis na hinstitiúide féin agus táscairí agus tagarmharmharcanna roghnaithe cáilíochta
- caighdeáin Eorpacha agus náisiúnta do cháilíocht agus do dhámhachtainí
- Treoirlínte DC de chuid QQI agus beartais eile de chuid QQI a bhaineann le hábhar

Tugtar deis do gach institiúid táscairí agus tagarmharcanna cáilíochta a aithint, a bheidh ábhartha maidir leis an misean agus a gcomhthéacs féin. Iarrtar ar institiúidí iad seo a bhunú ar fhoinsí idirnáisiúnta.

Seo a leanas na príomhcheisteanna agus línte fiosrúcháin a ndíríonn foireann an athbhreithnithe orthu:

- Ar cuireadh gnásanna agus athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm laistigh den institiúid?
- Cé chomh héifeachtach is atá gnásanna agus athbhreithnithe inmheánacha dearbhaithe cáilíochta na hinstitiúide?

- An bhfuil na gnásanna dearbhaithe cáilíochta ag teacht leis na Caighdeáin agus Treoirlínte Eorpacha?
- An bhfuil na gnásanna dearbhaithe cáilíochta ag teacht le beartas agus treoirlínte QQI, nó a gcoibhéis?
- Cé atá freagrach as cáilíocht agus as dearbhú cáilíochta ar fud na hinstitiúide?
- Cé chomh trédhearcach agus intuigthe is atá an tuairisciú ar dhearbhú cáilíochta agus ar cháilíocht?
- Conas a dhéantar cáilíocht a chur chun cinn agus a bhreisiú?
- An ndearnadh nuálaíochtaí éifeachtacha ó thaobh breisiú agus dearbhú cáilíochta?
- An bhfuil eispéireas an mhic léinn ag teacht le misean agus straitéis shainráite na hinstitiúide féin?
- An bhfuil gnóthachtálacha ó thaobh cáilíocht agus dearbhú cáilíochta ag teacht le misean agus straitéis shainráite na hinstitiúide féin?
- Cén chomparáid is féidir a dhéanamh idir gnóthachtálacha i gcáilíocht agus i ndearbhú cáilíochta agus na tagarmharcanna agus na táscairí feidhmíochta atá sainaitheanta ag an Institiúid?

## MÚNLA SOLÚBTHA AMHÁIN

Tá múnla amháin athbhreithnithe ag QQI, a bhfuil gnéithe solúbtha ann trínar féidir difreálú a dhéanamh idir institiúidí. Ciallaíonn múnla aonair a ghlacadh go mbíonn na cúig chuspóir chéanna, atá leagtha amach in Aguisín 1, ag gach athbhreithniú. Is é an gnás céanna (a mhionsonraítear in Aguisín 2) a bhíonn i réim i ngach athbhreithniú. Foilsítear Téarmaí Tagartha i gcás gach athbhreithnithe, ina sonraítear go soiléir cuspóirí, critéir agus torthaí ginearálta an athbhreithnithe.

Tá an múnla aonair bunaithe ar ghnás athbhreithnithe, a nglactar leis go hidirnáisiúnta, i.e.

1. Téarmaí Tagartha a fhoilsiú
2. Tuarascáil féinmheastóireachta ón institiúid
3. measúnú seachtrach agus cuairt ar an láithreán ó fhoireann athbhreithneoirí
4. tuarascáil athbhreithnithe a fhoilsiú, ina mbeidh torthaí agus moltaí agus
5. gnás iar-oibre trina n-athbhreithneofaí na bearta a rinneadh

Laistigh den mhúnla aonair tá cumas chun idirdhealú a dhéanamh idir athbhreithnithe ar na cuspóirí atá leagtha amach sna Téarmaí Tagartha, i bpróifílí fhoireann an athbhreithnithe agus i modheolaíochtaí sonracha (m.sh. fad na cuairte ar an láithreán). Is é an príomhbhonn difreála próifíl na hinstitiúide, go háirithe, uathriail a dhámhachtain, tarmligean údaráis, bailíochtú díreach ó QQI agus próifílí taighde.

Foilsíonn QQI timthriall athbhreithnithe 7 mbliana don ardoideachas. Is iad na tosca seo a leanas a chinneann an seicheamh: timthriallta athbhreithnithe roimhe seo; athbhunú caidrimh; monatóireacht ar thorthaí; cumaisc idir chórais agus braislí.

Bíonn éagsúlacht shuntasach idir institiúidí a bhíonn ag dul faoi athbhreithniú tosaigh agus faoi athbhreithnithe ina dhiaidh sin. Dírítear san athbhreithniú tosaigh ar mheastóireacht chríochnúil a dhéanamh ar a éifeachtaí agus a chuimsithí atá na gnásanna dearbhaithe cáilíochta arna mbunú ag an institiúid. Tógann athbhreithnithe ina dhiaidh sin ar thorthaí athbhreithnithe roimhe sin agus déantar soláthar iontu d'fhócas níos géire ar bhreithniú agus ar nuálaíocht, trína rianaítear teacht chun aibíochta chultúr cáilíochta na hinstitiúide. Mar sin féin, is cuspóir i gcónaí in athbhreithnithe ina dhiaidh sin cibé an gcomhlíonann an institiúid na hionchais bhunúsacha.

Bíonn tionchar ag méid, raon feidhme, misean, straitéis agus acmhainn na hinstitiúide ar mhodheolaíocht QQI le haghaidh athbhreithniú. Cuirtear na tosca seo san áireamh agus foireann an athbhreithnithe á hullmhú agus á himlonnú agus i bhfócas agus i bhfad na gcuairteanna ar an láithreán.

Tá gá le méid áirithe caighdeánaithe laistigh de na bandaí i bhfianaise raon agus scála na n-institiúidí atá i gceist. Soláthraíonn QQI teimpléad de théarmaí tagartha a oireann d'athbhreithnithe de réir catagóirí de sholáthraithe comhchosúla chun pleanáil agus cumarsáid a éascú. Is iad seo:

- forais cháiliúcháin ainmnithe
- foras ar tharmlig QQI cumhachtaí bronnta dámhachtana dó
- soláthraí ábhartha nach foras cáiliúcháin é agus a chuaigh faoi athbhreithniú reachtúil roimhe seo
- soláthraí ábhartha nach foras cáiliúcháin é agus nach ndeachaigh faoi athbhreithniú reachtúil roimhe seo [i.e. ag dul faoi athbhreithniú tosaigh)

Tugtar deis do gach institiúid aonair méadrachtaí agus tagarmharcanna cáilíochta a shainaithint, a bheidh ábhartha maidir lena misean agus a comhthéacs féin.

Má thagann eolas chun solais le linn an phróisis athbhreithnithe a thabharfadh údar imní mar gheall ar institiúid, féadfaidh sé a bheith riachtanach deireadh a chur le próiseas an athbhreithnithe thimthriallaigh agus tús a chur le hathbhreithniú 'ar son cúise'.

I gcásanna ina mbíonn comhchuspóirí athbhreithnithe sonracha i bpáirt ag raon institiúidí, féadfaidh QQI rogha a dhéanamh cur chuige téamach comhthreomhar a ghlacadh i leith athbhreithniú ar raon institiúidí (m.sh. athbhreithniú tíre uile ar sholáthar trasnáisiúnta), mar fhorlíonadh ar na hathbhreithnithe institiúideacha aonair.

## SAMHAIL COMHTHÁITE

Braitheann athbhreithniú ar raon leathan teagmhálacha a bhíonn ag QQI le hinstitiúidí, agus déantar an t-athbhreithniú a chomhtháthú leo, mar shampla tuarascálacha institiúideacha bliantúla, cruinnithe bliantúla idirphlé, monatóireacht agus bailíochtú clár.

Féadfar cuspóirí athbhreithnithe a leathnú chun comhlíonadh an chóid cleachtais don IEM (Alt 63 d'Acht 2012), tarmligean údaráis chun dámhachtainí a dhéanamh (Alt 54 d'Acht 2012) agus cur i bhfeidhm gnásanna um rochtain, aistriú agus dul chun cinn (Alt 57 d'Acht 2012) a áireamh iontu.

Ní dhúblaítear in athbhreithniú cuspóirí a baineadh amach trí rannpháirtíocht eile de chuid QQI.

Má thairgeann soláthraí ábhartha dámhachtainí breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna araon déanfar athbhreithniú timthriallach ar raon iomlán a soláthair trí na gnásanna a ndéantar cur síos orthu sa bheartas seo.

Glacann QQI cur chuige cuimsitheach fianaise-bhunaithe i leith athbhreithnithe ina gcuimsítear gnéithe cuntasachta agus feabhsaithe cáilíochta araon. Is é a mhéid is féidir cuntasacht a léiriú tríd an fhianaise atá ann faoi láthair, lena n-áirítear torthaí ar athbhreithnithe roimhe seo agus torthaí ar chaidreamh eile le QQI, go háirithe monatóireacht, cruinnithe bliantúla idirphlé agus tuarascálacha bliantúla institiúideacha, a chinneann an chothromaíocht idir cuntasacht agus breisiú.

Tugann Alt 34 d'Acht 2012 ról comhairleach don ÚAO in athbhreithnithe de chuid QQI. Baintear é seo amach trí chomhcheangal de chomhairliúchán leis an ÚAO ar Théarmaí Tagartha agus ról don ÚAO i bhfaisnéisiú fhoireann an athbhreithnithe roimh chuairteanna. Déantar gach faisnéis faoi institiúid, a chomhroinntear idir an ÚAO, QQI agus foireann an athbhreithnithe, a chomhroinnt leis an institiúid, leis.

## TORTHAÍ AGUS FOILSIÚ

Toradh suntasach beartaithe ar athbhreithnithe is ea dioscúrsa idir-institiúideach ar cháilíocht a spreagadh trí anailís chriticiúil agus plé bríoch. Léirítear é seo sa tuairisc féinmheastóireachta agus leantar leis an téama seo sa phlé le foireann an athbhreithnithe agus san iar-obair.

Cuirtear treoirlínte ar fáil d'institiúidí maidir le hábhar agus fad na dtuarascálacha féinmheastóireachta chun a chinntiú go mbíonn fócas criticiúil agus anailíseach leo agus nach mbíonn faisnéis neamhriachtanach iontu. Gné eile i dtreoirlínte ná institiúidí a spreagadh chun sonraí mar aon le foinsí faisnéise atá bunaithe ar insint a mheas mar bhealach chun cáilíocht a anailísiú. Féadfaidh institiúidí rogha a dhéanamh cibé agus cathain a fhoilseofar tuarascálacha féinmheastóireachta institiúideacha.

Leagtar amach i dTuarascáil Fhoireann an Athbhreithnithe na torthaí maidir le gach ceann de chuspóirí an athbhreithnithe. Mar aon le torthaí sonracha, cuireann sé ráiteas ginearálta ar fáil maidir le héifeachtacht gnásanna dearbhaithe cáilíochta na hinstitiúide agus a gcur chun feidhme. Faomhann QQI na torthaí seo agus foilsítear iad i bPróifíl Cáilíochta.

Má shainaithníonn fhoireann an athbhreithnithe réimsí suntasacha le haghaidh forbartha, dar léi, go háirithe maidir le comhlíonadh na gceanglas ábhartha reachtúil ag an bhforas, sainaithnítear iad seo go soiléir sa tuarascáil lena bhreithniú ag QQI. Tar éis breithniú a dhéanamh, féadfaidh QQI treoracha a leagan amach don institiúid. Téann QQI i gcomhairle leis an institiúid chun plean gníomhaíochta láithreach a aontú le moltaí sonracha ó QQI

chun díriú ar na treoracha, lena n-áirítear an tréimhse ama ina ndíreofar ar na saincheisteanna a bhaineann leis na treoracha. I gcás ina measann QQI nach leor an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta, féadfaidh QQI, i gcomhairle leis an institiúid, idirghabháil a dhéanamh chun athbhreithniú nó luasghéarú ar an bplean a chinntiú, nó bogadh chuig athbhreithniú 'ar son cúise' a bhunú.

Ó am go chéile foilsíonn QQI meitea-anailís ar thorthaí athbhreithnithe institiúideacha ina leagtar béim ar fhorbairtí, treochtaí agus réimsí dea-chleachtais nó deacrachtaí leanúnacha.

Déanann QQI meastóireacht go rialta ar a éifeachtaí atá an tsamhail ó thaobh a chuspóirí ráite a chomhlíonadh agus foilsítear meastóireachtaí den sórt sin.

### FOIREANN AN ATHBHREITHNITHE

Bíonn foireann an athbhreithnithe comhdhéanta de phiair-athbhreithneoirí ar mic léinn agus baill foirne iad ó institiúidí comhchosúla chomh maith le páirtithe leasmhara seachtracha. Athraíonn méid na foirne agus fad a gcuairt ag brath ar mhéid agus ar chastacht na hinstitiúide. Áirítear i ngach foireann athbhreithnithe Cathaoirleach agus Athbhreithneoir Comhordaithe.

Déantar comhdhéanamh fhoireann an athbhreithnithe a chothromú lena chinntiú go n-áirítear ann athbhreithneoir idirnáisiúnta, athbhreithneoir Éireannach, ionadaí mac léinn agus ionadaí ó pháirtithe leasmhara seachtracha.

Is é QQI a chinneann baill fhoireann an athbhreithnithe, tar éis dul i gcomhairle leis an institiúid chun a chinntiú nach mbíonn aon choinbhleachtaí leasa ann. Is ag QQI atá an faomhadh deiridh maidir le comhdhéanamh gach foireann athbhreithnithe.

Cuirtear oiliúint ar gach ball den fhoireann i dtaobh comhthéacs ardoideachais na hÉireann, ar an ngnás athbhreithnithe agus ar a ról san athbhreithniú.

### TÁILLÍ

Íocann institiúidí ardoideachais poiblí táille chaidrimh bhliantúil le QQI. Cuimsítear sa táille seo costais an phróisis athbhreithnithe. Socraíonn QQI táillí i ndáil le hinstitiúidí ardoideachais eile, le toiliú an Aire

Oideachais agus Scileanna agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Alt 80 den Acht 2012).

## 3 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo agus ar phrionsabail agus ar chur chuige QQI maidir le hathbhreithniú timthriallach ar institiúidí ardoideachais ó am go chéile tar éis ghlacadh an bheartais seo.

# 4. AGUISÍN A - CUSPÓIRÍ AN ATHBHREITHNITHE

| Cuspóir | Arna mbaint amach agus arna dtomhas trí: |
|---|---|
| **1 Cultúr QA a spreagadh agus feabhas a chur ar thimpeallacht foghlama agus taithí na mac léinn in institiúidí** | • ina gcuirtear béim in athbhreithnithe ar an mac léinn agus ar eispéireas foghlama an mhic léinn<br>• foinse fianaise agus réimsí le haghaidh forbairt a sholáthar mar aon le réimsí inar cheart an beartas a athbhreithniú agus a athrú agus iar-obair a bhunú orthu<br>• cleachtais agus gnásanna nuálacha agus éifeachtacha a fhiosrú<br>• iniúchadh a dhéanamh ar cháilíocht agus ar dhearbhú cáilíochta laistigh den institiúid<br>• modheolaíocht athbhreithnithe téamach nua a phíolótú |
| **2 Aiseolas a sholáthar d'institiúidí faoi cháilíocht uile-institiúide agus faoi thionchar misean, straitéise, rialachais agus bainistíocht ar chúrsaí cáilíochta agus ar a éifeachtaí atá a ngnásanna dearbhaithe cáilíochta** | • ina leagtar béim ar úinéireacht cáilíocht agus dearbhú cáilíochta ag leibhéal na hinstitiúide<br>• ina suitear an t-athbhreithniú ag leibhéal cuimsitheach uile-institiúide<br>• comhlíonadh reachtaíochta, beartas agus caighdeán a mheas<br>• measúnú a dhéanamh ar chomhionannas coibhneasta le tagarmharcanna agus méadrachtaí arna sainaithint ag an institiúid<br>• béim a chur ar fheabhsú gnásanna dearbhaithe cáilíochta |
| **3 Muinín an phobail as cáilíocht institiúidí a fheabhsú trí thrédhearcacht agus feasacht phoiblí a chur chun cinn.** | • cloí le cuspóirí, critéir agus torthaí atá soiléir agus trédhearcach<br>• timthriall athbhreithnithe tréimhsiúil a fhoilsiú<br>• téarmaí tagartha a fhoilsiú<br>• tuarascálacha agus torthaí athbhreithnithe a fhoilsiú i láithreacha atá insroichte agus i bhformáidí a oireann do léitheoirí éagsúla<br>• próifílí cáilíochta institiúideacha a fhoilsiú i bhfoirm ghonta soléite<br>• meastóireacht a dhéanamh, mar chuid den athbhreithniú, ar thuairisciú institiúideach maidir le cáilíocht agus dearbhú cáilíochta, le cinntiú go mbíonn sé trédhearcach agus insroichte |
| **4 Tacú le feabhsú ar fud an chórais ar cháilíocht an ardoideachais.** | • tuarascálacha tréimhsiúla sionoptacha a fhoilsiú<br>• a chinntiú go bhfuil dóthain comhréireachta sa chur chuige ó institiúidí den chineál céanna chun gur féidir iad a chur i gcomparáid agus foghlaim a chomhroinnt<br>• próifílí cáilíochta institiúideacha a fhoilsiú |

| | |
|---|---|
| **5 Breisiú cáilíochta a éascú trí leas a bhaint as modhanna agus comhairle oibiachtúla, bunaithe ar fhianaise.** | • úsáid a bhaint as saineolas na bpiar-athbhreithneoirí idirnáisiúnta, náisiúnta agus mac léinn atá neamhspleách ar an institiúid<br>• cinntiú go bhfuil na torthaí bunaithe ar fhianaise luaite<br>• institiúidí a éascú chun méadracht agus tagarmharcanna cáilíochta a shainaithint atá ábhartha dá misean agus dá gcomhthéacs féin<br>• sainaithint agus scaipeadh samplaí dea-chleachtais agus nuálaíochta a chur chun cinn |

## 5. AGUISÍN 2 - GNÁS GARBH

| Céim | Beart | Toradh |
|---|---|---|
| **Téarmaí Tagartha** | Próifíl faisnéise institiúide arna chomhlánú ag QQI<br><br>Deimhniú Téarmaí Tagartha le hinstitiúid agus leis an ÚAO | Téarmaí Tagartha foilsithe |
| **Ullmhú** | Dul i gcomhairle leis an institiúid maidir le coinbhleacht leasanna<br><br>Sainfhoireann Athbhreithnithe a Cheapadh | Ceaptar an painéal athbhreithnithe. |
| **Féinmheastóireacht** | Tuarascáil féinmheastóireachta institiúide a ullmhú | Tuarascáil féinmheastóireachta foilsithe |
| **Cuairteanna** | Cuairt dhá pháirt ón bhFoireann ar an institiúid ina gcuimsítear cuairt phleanála agus príomhchuairt athbhreithnithe.<br><br>Is é cuspóir na cuairte pleanála athbhreithniú a dhéanamh ar an tuairisc féinmheastóireachta agus ar fhianaise bhreise, pleanáil don phríomhchuairt athbhreithnithe agus, más féidir, tátail a bhunú maidir le comhlíonadh ag an gcéim seo den phróiseas.<br><br>Is é cuspóir na príomhchuairte athbhreithnithe, mura gcinntear a mhalairt, díriú ar fheabhsú cáilíochta a iniúchadh trí cheistiú agus trí idirphlé leis an institiúid. | Réamhthuarascáil ghearr ó bhéal chuig an institiúid |
| **Tuarascálacha** | Dréacht-tuarascáil arna hullmhú ag an bhfoireann<br><br>Seiceáil chruinneas ón institiúid ar fhíricí na dréacht-tuarascála<br><br>Dréacht-tuarascáil arna hullmhú ag an bhfoireann<br><br>Tuarascáil deiridh ó QQI a chur in eagar<br><br>Freagairt na hinstitiúide a ullmhú | Foilsithe:<br><br>Freagairt na hinstitiúide ar thuarascáil athbhreithnithe QQI |

| | | |
|---|---|---|
| **Torthaí** | Breithniú QQI ar an tuarascáil athbhreithnithe agus na torthaí mar aon le freagairt na hinstitiúide agus an plean forfheidhmithe | Cinneadh foirmiúil maidir le héifeachtacht nósanna imeachta DC<br><br>Próifíl cáilíochta QQI<br><br>*I gcásanna áirithe, treoracha don institiúid agus sceideal dá gcur i bhfeidhm.* |
| **Obair leantach** | Plean forfheidhmithe institiúideach a ullmhú<br><br>Tuarascáil leantach bliana chuig QQI le tabhairt ar aird. Féadfar é seo agus obair leantach ina dhiaidh sin a chomhtháthú i dtuarascálacha bliantúla chuig QQI.<br><br>Tuairisciú agus idirphlé leanúnach ar obair leantach tríd an bpróiseas tuairiscithe agus idirphlé institiúideach bliantúil | An plean forfheidhmithe institiúidigh a fhoilsiú<br><br>Foilsiú na tuarascála leanúnaí ag QQI agus ag an institiúid<br><br>Tuarascáil Bhliantúil<br><br>Nótaí an Chruinnithe Idirphlé Bliantúil |